# An Bord Pleanála

**ACHT RIALTAIS ÁITIÚLA (Uimh.2), 1960**
**LOCAL GOVERNMENT ACT (No.2), 1960**

**ACHT NA dTITHE, 1966**
**HOUSING ACT, 1966**

**NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 go 2015**
**PLANNING AND DEVELOPMENT ACTS 2000 to 2015**

**Comhairle Contae na Gaillimhe**
**Galway County Council**

**Uimhir Thagartha an Bhoird Pleanála: 07.KA0034**

**IARRATAS** a fuair An Bord Pleanála ar an 29 Iúil, 2014 ó Chomhairle Contae na Gaillimhe faoi alt 76 de, agus Tríú Sceideal don, Acht na dTithe, 1966 arna leathnú faoi alt 10 Acht Rialtais Aitiúla (Uimh. 2), 1960 (curtha in ionad le halt 86 Acht na dTithe, 1966) agus na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2015, chun ordú ceannaigh éigeantaigh a dhaingniú, dátaithe 15 Mí na Nollag, 2011 á údarú tailte a fháil go héigeantach agus faoi theideal **"Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Chomhairle Contae na Gaillimhe (Uimh. 1) 2014 (Forbairt Bhóthair Bheartaithe N59 ón gClochán go dtí An Teach Dóite)."**

**APPLICATION** received by An Bord Pleanála on the 29th day of July, 2014 from Galway County Council pursuant to section 76 of, and the Third Schedule to, the Housing Act, 1966 as extended by section 10 of the Local Government (No. 2) Act, 1960 (as substituted by section 86 of the Housing Act, 1966) and the Planning and Development Acts 2000 to 2015, for confirmation of a compulsory purchase order dated the 15th day of December, 2011 authorising compulsory acquisition of lands and entitled **"Galway County Council Compulsory Purchase Order (No. 1) 2014 (N59 Clifden to Maam Cross Proposed Road Development)."**

## CINNEADH/DECISION

**An t-ordú ceannaigh éigeantaigh thuasluaite a chealú ar bhunús na gcúiseanna agus na dtuisceanna leagtha amach thíos.**

**ANNUL the above compulsory purchase order based on the reasons and considerations set out below.**

## CÚISEANNA AGUS TUISCEANNA/REASONS AND CONSIDERATIONS

Ar bhreithniú na n-agóidí déanta in aghaidh an ordaithe ceannaigh éigeantaigh, agóidí nár tarraingíodh siar, agus ar bhreithniú ar thuarascáil agus ar mholadh an duine a sheol an éisteacht ó bhéal sna hagóidí, agus ag tabhairt aird ar an gcinneadh ceadú a dhiúltú don fhorbairt bhóthair bheartaithe faoi uimhir thagartha 07.HA0049, meastar nach cuí dona críocha atá ráite cheana féin an fhorbairt bhóthair ina leith a bhfuil na tailte i gceist beartaithe le fáil ag an údarás áitiúil agus, dá bhrí sin, nach bhfuil fáil na dtailte seo riachtanach dona críocha ráite sin.

Having considered the objections made to the compulsory purchase order, and not withdrawn, the report and recommendation of the person who conducted the oral hearing into the objections, and having regard to the decision to refuse to approve the proposed road development under case reference number 07.HA0049, it is considered that the road development for which the lands in question are proposed to be acquired by the local authority is not appropriate for the stated purposes and that the acquisition of these lands is, therefore, not necessary for these stated purposes.

**Ball den Bhord Pleanála a bhfuil údarás aige séala an Bhoird a fhíordheimhniú.**

**Dátaithe ar an lá seo de 2016.**